COLÁISTE NAOMH FEICHÍN

**Bord Bainistíochta**

**Cruinniú – Dé Máirt 18ú de Dheireadh Fómhair 2022**

**4.00in - 6.30in**

Miontuairiscí Aontaithe – Tuismitheoirí / Caomhnóirí agus Múinteoirí

Tionóladh Cruinniú do Bhord Bainistíochta an Choláiste ar an Máirt an 18ú de Dheireadh Fómhair ag 4.00 i.n.

**I láthair**, bhí T. Ó C., P. Ó C., G. Uí C., Á. B., C. Ó C., agus G. Ní C. (Rúnaí/Príomhoide).

**Leithscéal ó:** S. Ó T. agus P. S.

1. **Fáiltiú**

   Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh chách agus ghuí sé chuile bheannacht ar obair an Bhoird agus ar phobal na scoile

2. **Miontuairiscí**

   Mhol A. B. le cuidiú ó G Uí C. go nglacfaí leis na miontuairiscí, agus na miontuairiscí aontaithe do phobal na scoile, mhol ó C. Ó C. le cuidiú T. Ó C. go nglacfar leo.

3. **Ag éirí as**

   Rinne an Cathaoirleach buíochas a ghabháil leis an Rúnaí as feabhas a cuid cumarsáide i foirm litreacha agus ríomhphoist ó thús na scoilbhliana.

4. **Comhfhreagras**

   Chuaigh an Príomhoide tríd na ciorclán reatha, chuaigh sí tríd comhfhreagras bainteach le Ciorclán na Roinne, Socraithe Réasúnta Bl 6, Tionscnamh Eacnaíocht Bhaile Bl 6, Aonad Covid 19 sa Roinn O&E, BOOGR, CAO, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, CNCM, DARE, Cigireacht an Roinn Oideachas – Féin-mheastóireacht Scoile agus an Garda Síochána.

## 5. Tuairisc an Rúnaí

**Teagasc agus Foghlaim**

Bliain 1: Cruinniú Eolais tuistí Bl1 nua, Cúrsa Sábháilteacht Idirlíne, Blitz Peile, Oíche Oscailte, Drámaíocht Fraincise, Cispheil, Clár Vacsaíniú.

Bliain 2: Cúrsa Sábháilteacht Idirlíne, Blitz Peile, Oíche Oscailte, Comórtas Díospóireachta Uí Chadhain – Sóisear, Drámaíocht Fraincise, Cispheil

Bliain 3: Cúrsa Sábháilteacht Idirlíne, Oíche Oscailte, Drámaíocht Fraincise, Comórtas Díospóireachta Uí Chadhain – Sóisear,

Bliain 4: Cúrsa Gníomhaíochtaí Ceannaireachta & Scileanna Féin-Forbartha, Cúrsa Garchabhrach, Caint Stay Safe Stay Sober, Turas Eachtraíochta – Wildlands, Turas Eachtraíochta – Snorcláil, Comórtas Treabhadóireachta, Maidin Tae/Caife, Lá Mata agus Eolaíochta, Oíche Oscailte, Cúrsa Ealaín na Gaeltachta, Drámaíocht Fraincise

Bliain 5: Caint Stay Safe Stay Sober, Comórtas Treabhadóireachta, Oíche Oscailte, Cruinniú Múinteoirí-Tuismitheoirí, Drámaíocht Fraincise

Bliain 6 2022: Scrúduithe Stáit – Ardteistiméireacht, Torthaí Ardteistiméireachta

**Forbairt Gairmiúil**

**Fás agus Forbairt**

Foireann Iomlán – Maor Dóiteáin

Foireann Iomlán – Children's First

C. Ó L. & G. Ní C. – Féin-Mheastóireacht – Lorcán Ó Callanáin - BOOGR

C. Ó L. – Táirseach PDST

- Difreáil PDST

A. B., C. Ó C., G. Ní C. – Scéim Aitheantas – COGG

A. B. & G. Ní C. - NAPD

**Tá 58 dalta cláraithe don scoilbhliain 2022/'23**

**Maidin Tae/Caife €750 bailithe**

**Last One Standing – Gníomh bailiúcháin ar son an Idirbhliain**

### Comhpháirtíocht agus Nascanna

TESS, TUSLA, NEPS, EWO, COGG, JCT, Coiste Pleanála Teanga Dúiche Sheoigheach, Gael-Linn, BOOGR, Roinn Oideachais, Coimisiún an Scrúduithe Stáit, CNCM, Comhairle na dTuistí, Gael-Linn, Ospís na Gaillimhe, Comhairle na nEalaín.

**6. Imscrúdú ar Torthaí na hArdteiste**

Scaipeadh torthaí na hArdteistiméireacht ar na mball ag tús mí Meán Fómhair 2022, seolaíodh anailís ó Athena chuig ball an Bord freisin. Thug an Rúnaí mioneolas don Bord ar Torthaí agus anailís ar na torthaí i gcomhthéacs an rangghrúpa. Tugadh aiseolas ó chuntas an múinteoir Gairmtreorach ar na cúrsaí agus printíseachta a bhí idir lámha anois ag rang na hArdteistiméireachta 2022. Rinne an Cathaoirleach agus an Rúnaí ardmholadh a thabhairt dóibh agus dá múinteoirí agus gcuid teaghlaigh.

**7. Éiteas an ETBI**

Déanadh cur síos ar obair C. Ó L. mar ionadaí na foirne ar Éiteas an ETBI sa scoil. Tugadh aird an Bord athuair ar obair na scoile ar éiteas go dtí seo.

**8. Plé ar Ráiteas Sláinte & Sábháilteacht**

- Déanadh uasdátú ar an Ráiteas Sláinte agus Sábháilteacht don scoilbhliain seo. Tugadh le fios go raibh sé scaipthe i measc na foirne agus go raibh cáipéis sínithe acu go raibh sé faighte.
- Rinne míniú ar phost ionadaí Oifigeach Sláinte agus Sábháilteacht.
- D'iarr an Cathaoirleach ar an Rúnaí imscrúdú ar páirceáil na mbusanna. Shocraigh an Rúnaí scéal a chur chuig an ionadaí Sláinte agus Sábháilteacht san BOOGR.

**9. Scéim Aitheantas mar Scoil Gaeltachta**

Pléadh na himeachtaí agus an obair atá ar bun ag pobal na scoile i dtaobh forbairt na Gaeilge. Pléadh na dúshláin agus an dul chun cinn. Cuireadh le fios don Bhord go mbeadh cigireacht á dhéanamh thar tréimhse bliana ar scoileanna atá páirteach sa Scéim.

**10. Plé ar Ráiteas Caomhnú Leanaí**

Déanadh uasdátú ar an ráiteas chun ainm C. Ó L. a chur isteach mar Leas Duine Idirchaidrimh Ainmnithe. Tugadh le fios don Bhord go raibh pobal na scoile curtha ar an eolas faoin ról Leas Duine Idirchaidrimh Ainmnithe.

**11. Cód Iompair do Bhall Boird**

Bhí an Cód Iompair curtha faoi bhráid na ball rannpháirteach ag deireadh na scoilbhliana seo caite agus socraíodh gach leasaithe a dhéanamh ar fhaitíos go

mbeadh gá le treoracha Covid-19 a thabhairt isteach athuair. Ag an gcruinniú, moladh go mbeadh cead tugtha don Príomhoide, más gá, le comhairle agus treoir, ón gCathaoirleach dalta a chur ar fionraí de réir mar atá leagtha amach sa Chód Iompair. Mhol G Uí C. é seo le tacaíocht ó P. Ó C.

**12. Tuairisc ar Chaomhnú Leanaí**

Cuireadh na cáipéisí cuí bainteach le Caomhnú Leanaí faoi bhráid an Bhord agus tugadh le fios don Bhord nach raibh aon rud le tuairisciú faoi aon rannóg agus síníodh na doiciméid os comhair an Bhord.

**13. Tuairisc ó Coiste na dTuistí**

Beidh cruinniú ag Coiste na dTuismitheoirí roimh an sos lár téarma agus tuairisc á sheoladh chuig an mBord.

**14. Tuairisc ar Sláinte agus Sábháilteacht**

Tugadh le fios go raibh dhá druil tine déanta.

Tugadh le fios go raibh comharthaí nua in airde.

**15. A. R. E**

Mhol an Cathaoirleach rannpháirtithe na scoile sna comórtaisí díospóireachta agus ghuí sé agus gach ball chuile rath orthu.

Le sin, rinne Cathaoirleach an Bord críoch a chur leis an gcruinniú agus ghuí sé chuile bheannacht ar phobal na scoile.

Sínithe: Tomás Ó Coisdealbha  Dáta: 8/12/22

**Cathaoirleach**